

## Téarma ar fionraí

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin Iar-Theachta Dála, Ned O'Keefe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.

**Ceist 2** Cén Ghaeilge atá ar na focail/ frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- was accused
- false receipts
- he was fined
- 7 month prison term
- that was suspended
- he claimed
- the charges
- serious carelessness
- pleading guilty
- resources
- aside

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad iad na cúiseanna a cuireadh i leith Ned O'Keefe?
2. Cén fáth a bhfuil sé ag pléadail ciontach, de réir a dhlíodóra Frank Buttimer?
3. Cén fáth ar chuir an Breitheamh Leo Malone an cás ar leataobh?
4. Cén pionós a gearradh ar Ned O'Keefe?

**Ceist 4** Féach ar an tuairisc arís agus breac síos na samplaí ar fad a chloiseann tú den aimsir chaite féin agus den bhriathar saor san aimsir chaite.

**Ceist 5** ‘...Ní hé a dúirt sé...’

Féach ar an sampla seo den chopail agus freagair na ceisteanna:

Is cailín maith í Máire.

1. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt thuas, ag baint úsáide as **An** agus **Nach**.
2. Cad é freagra na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
3. Scríobh síos freagraí na gceisteanna seo anois (dearfach agus diúltach):

An í Máire an múinteoir?

Nach deas an lá é?

**Agus**

*'...ba é a bhí i gceist...'*

Féach ar an sampla seo den chopail san aimsir chaite agus freagair na ceisteanna:

Ba chailín maith í Máire.

1. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt thuas, ag baint úsáide as **Ar** agus **Nár**.
2. Cad é freagra na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
3. Scríobh síos freagraí na gceisteanna seo anois (dearfach agus diúltach):

Arbh í Máire an múinteoir?

Nár dheas an lá é?

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An gceapann tú go saothraíonn polaiteoirí an iomarca airgid?
2. Ar cheart don Iar-Theachta Dála dul go dtí an príosún as €3,700 a ghoid ón Stát, cé gur íoc sé an t-airgead ar ais leis an Stát?
3. An daoine macánta iad polaiteoirí na hÉireann den chuid is mó, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- was accused – *ciontaíodh*
- false receipts – *sonraisc bhréagacha*
- he was fined – *gearradh fineáil air*
- 7 month prison term – *téarma príosúnachta seacht mí*
- that was suspended – *a cuireadh ar fionraí*
- he claimed – *d'éiligh sé*
- the charges – *na cúiseanna*
- serious carelessness – *míchúram tromchúiseach*
- pleading guilty – *ag pléadáil ciontach*
- resources – *acmhainní*
- aside – *ar leataobh*

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Aimsir chaite – na focail a bhfuil líne fúthu sa script.

Briathar saor – na focail i gcló dubh sa script.

I gCúirt Dúiche Chorcaí, **ciontaíodh** an tIar-Aire Stáit, Ned O'Keefe, as sonraisc bhréagacha a chur isteach ar chostais fón póca fad is a **bhí** sé sa Dáil. **Gearradh** fineáil trí mhíle go leith euro air agus téarma príosúnachta seacht mí, a **cuireadh** ar fionraí.

**Bhain** na cúiseanna a **cuireadh** i leith Ned O'Keefe le sonraisc a **chuir** sé isteach ar chúig dháta éagsúla, idir dhá mhíle is a dó agus dhá mhíle is a naoi. **D'éiligh** sé os cionn trí mhíle, seacht gcéad euro ar shonraisc a **bhí** bréagach de réir fianaise ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise. **Dúirt** dlíodóir Ned O'Keefe, Frank Buttimer, **go raibh** a chliant ag pléadáil ciontach as na cúiseanna ar fad. **Dúirt** Frank Buttimer nár choiriúlacht tromchúiseach a **bhí** i gceist leis na cúiseanna seo. Ní hé a **dúirt** sé **go raibh** sé pleanáilte ag Ned O'Keefe costais a lorg **nach raibh** sé i dteideal a fháil. Ba é a **bhí** i gceist a **dúirt** sé ná míchúram tromchúiseach agus easpa aire a bheith á tabhairt don cháipéisíocht cheart. **Dúirt** sé **go raibh** na cúiseanna ina leith ag goilliúint go mór ar Ned O'Keefe agus ar a theaghlach agus go mba mhór an faoiseamh dó é pléadáil ciontach astu agus bogadh ar aghaidh lena shaol. **Dúirt** Frank Buttimer freisin **go raibh** an tIar-Theachta Dála, atá dhá bhliain is seachtó d'aois, tar éis comhoibriú leis na Gardaí ón gcéad uair **go bhfuair** sé amach faoin bhfiosrúchán dhá bhliain ó shin. **Dúirt** sé gur **shábháil** sé sin acmhainní ar an Stát. **Chuir** an Breitheamh Leo Malone an cás ar leataobh ar feadh tamaillín chun deis a thabhairt do Ned O'Keefe an t-airgead **a fuair** sé ón Stát as na sonraisc bhréagacha a íoc ar ais. Nuair a **bhí** sé sin déanta, **do ghearr** sé finéal trí mhíle go leith euro air agus téarma príosúnachta seacht mí, a **chuir** sé ar fionraí.

### Ceist 5

1. An cailín maith í Máire? / Nach cailín maith í Máire?
2. Is ea / Ní hea
3. Is í, ní hí / Is deas, ní deas.

1. Ar chailín maith í Máire? / Nár chailín maith í Máire?
2. Ba ea / Níorbh ea
3. Ba í, níorbh í / Ba dheas, níorbh deas.

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

I gCúirt Dúiche Chorcaí, ciontaíodh an tIar-Aire Stáit, Ned O'Keefe, as sonraisc bhréagacha a chur isteach ar chostaisí<sup>1</sup> fón póca fad is a bhí sé sa Dáil. Gearradh fineáil trí mhíle go leith euro air agus téarma príosúnachta seacht mí, a cuireadh ar fionraí.

**Grett O'Connor**

Bhain na cúiseanna a cuireadh i leith Ned O'Keefe le sonraisc a chuir sé isteach ar chúig dháta éagsúla<sup>2</sup>, idir dhá mhíle is a dó agus dhá mhíle is a naoi. D'éiligh sé os cionn trí mhíle, seacht gcéad euro ar shonraisc a bhí bréagach de réir fianaise ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise.

Dúirt dlíodóir Ned O'Keefe, Frank Buttimer, go raibh a chliant ag pléadáil ciontach as na cúiseanna ar fad. Dúirt Frank Buttimer nár choiriúlacht thromchúiseach a bhí i gceist leis na cúiseanna seo. Ní hé a dúirt sé go raibh sé pleanáilte ag Ned O'Keefe costaisí a lorg nach raibh sé i dteideal a fháil. Ba é a bhí i gceist a dúirt sé ná míchúram tromchúiseach agus easpa aire a bheith á tabhairt<sup>3</sup> don cháipéisíocht cheart. Dúirt sé go raibh na cúiseanna ina leith ag goilliúint<sup>4</sup> go mór ar Ned O'Keefe agus ar a theaghlach agus go mba mhór an faoiseamh dó é pléadáil ciontach astu agus bogadh ar aghaidh lena shaol. Dúirt Frank Buttimer freisin go raibh an tIar-Theachta Dála, atá dhá bhliain is seachtó d'aois, tar éis comhoibriú leis na Gardaí ón gcéad uair go bhfuair sé amach faoin bhfiosrúchán dhá bhliain ó shin. Dúirt sé gur shábháil sé sin acmhainní ar an Stát. Chuir an Breitheamh Leo Malone an cás ar leataobh ar feadh tamaillín chun deis a thabhairt do Ned O'Keefe an t-airgead a fuair sé ón Stát as na sonraisc bhréagacha a íoc ar ais. Nuair a bhí sé sin déanta, do ghearr sé finéal trí mhíle go leith euro air agus téarma príosúnachta seacht mí<sup>5</sup>, a chuir sé ar fionraí.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

---

<sup>1</sup> *costais* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>2</sup> *éagsúil* a deirtear

<sup>3</sup> *á thabhairt* a deirtear

<sup>4</sup> *ag goilleadh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>5</sup> *mhí* a deirtear